# dlr times

FÓMHAR 2020

AR AN TAOBH ISTIGH

Comhairliúchán maidir le Taisteal Scoile Gníomhaí

Oidhreacht sa Bhaile
Turais Fhíorúla 3T

# AN BHFUIL TIONSCNAMH ÁITIÚIL AGAT ÓNA DTEASTAÍONN MAOINIÚ?

## Scéim Deontas dlr 2021

dlr
Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

# clárábhar


SCÉIM DEONTAS 2021 dlr ................ 03

TACAÍOCHT GHNÓ
Deontas Atosaithe Breise ........................ 04
Nuacht d'Íocóirí Rátaí......................... 04
Scéim chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí ..................... 04

FAISNÉIS DON PHOBAL dlr
Srianta Seirbhísí Covid-19.................. 05
Clár na dToghthóirí ............................ 05
Open House Bhaile Átha Cliath ........... 05
Tionscnamh Taistil Scoile Gníomhaí ..... 06
Ag Fanacht Gníomhach ....................... 07
Bealaí Nua Sábháilte Siúil agus Rothaíochta ................................ 07
Turais Fhíorúla 3T Oidhreacht sa Bhaile ... 08

PRÓIFÍL FOIRNE dlr
Deirdre Black ...................................... 08

IMEACHTAÍ EALAÍON & LEABHARLANNA dlr
Ceoltóirí Cónaithe dlr ......................... 10
Club Leabhar ar Líne .......................... 10
Taispeántais ag dlr LexIcon ................ 11
Cad atá ar siúl sa Ghailearaí Bardasach ... 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr ........... 12



**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9
**TEILEAFÓN:** 01 205 4700
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

-

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**
Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14
Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm
**TEILEAFÓN:** 01 205 4880
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

www.dlrcoco.ie

www.dlrtourism.ie | www.events.dlrcoco.ie
www.libraries.dlrcoco.ie



Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr


@dlrcc   dlrcoco.ie
DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat an **dlr times** a fháil ar ríomhphost, déan teagmháil linn ar: **commsoffice@dlrcoco.ie**



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

*Fáilte go dtí an t-eagrán is déanaí de dlr Times a thabharfaidh spléachadh duit ar na tionscnaimh éagsúla atá ar bun againn an t-am seo den bhliain. Anois atá páistí ag filleadh ar an scoil, tá Criosanna Sábháilte Scoile á gcur i bhfeidhm againn agus tá ár dtionscnamh Taistil Scoile Gníomhaí á chur chun cinn againn, tionscnamh a bhaineann taisteal go scoileanna agus uathu. Nascann na cláir sin leis na hoibreacha iontacha ríochta poiblí a rinneadh le linn an tsamhraidh a bhfuil sé mar aidhm acu cur ar chumas scoláirí agus daltaí siúil nó rothaíocht chun na scoile i dtimpeallacht shábháilte.*

*Ar an taobh istigh, gheobhaidh tú eolas freisin maidir le réimse deontais agus tacaíochtaí gnó a chuirimid ar fáil a chabhróidh le gnólachtaí áitiúla dul in oiriúint don timpeallacht dhúshlánach oibre a bhaineann le COVID-19. Áirítear leo deontas tacaíochta rátaí agus deontas troscáin sráide, a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le gnólachtaí ábhartha leas níos fearr a bhaint as áiseanna na ríochta poiblí, chomh maith le Deontas Atosaithe Breise leathnaithe.*

*Tá ár Rannóg Oidhreachta dlr ag cur Turais inrochtana Fhíorúla 3T ar fáil chun gur féidir le daoine roinnt de na láithreáin iontacha oidhreachta a fhiosrú ó shábháilteacht a mbaile féin agus mholfainn do gach duine breathnú orthu má bhíonn an deis acu.*

**AN CLR UNA POWER**



## Teachtaireacht ó Phríomh-fheidhmeannach dlr

*Táimid ag dul isteach i bhFómhar nach bhfacthas a leithéid roimhe anois. Cé nach raibh ár ngnáthchláir samhraidh againn, is féidir linn a bheith an-bhródúil as iarrachtaí ár saorálaithe, as na hoibreacha ríochta poiblí a chruthaigh go leor spás chun teacht le chéile, as na seirbhísí a cuireadh ar fáil fós agus as na daoine ar fad a rinne a seacht ndícheall srian a chur leis an víreas. Leanaimid orainn leis na hiarrachtaí sin chun go mbeidh Geimhreadh níos fearr againn.*

*Is le linn aimsir mar seo a bhíonn sé níos tábhachtaí fós go dtacódh an Chomhairle le grúpaí áitiúla agus arís eile, táimid ag fógairt sheoladh ár Scéim Deontas dlr, scéim a thacaíonn le grúpaí áitiúla pobail agus tionscnaimh agus imeachtaí ar fud an chontae. Beidh cineál na dtionscnamh agus na n-imeachtaí sin difriúil i mbliana mar gheall ar shrianta, ach beidh ról tábhachtach ag baint leo inár bpobail go fóill mar sin féin.*

*Mholfainn do gach duine leanúint d'aire a thabhairt dóibh féin agus dóibh siúd ina dtimpeall an Fómhar seo agus taitneamh a bhaint as an gcontae iontach seo a fhágann gur taithí shásúil é 'fanacht sa cheantar'.*

**PHILOMENA POOLE**

## Aonaigh na Comhairle Contae

**PÁIRC AN PHOBAIL & DLR LEXICON,** Dún Laoghaire
Domhnach 11am-4pm

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
Satharn 10am-4pm & Domhnach 11am-4pm




## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

| | |
|---|---|
| **Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** [i ndiaidh 5pm + deirí seachtaine] | 01 677 8844 |
| **Daoine gan Dídean:** [seirbhísí iar-ama] | 1800 724 724 |
| **Uisce Éireann:** [24 uair] | 1850 278 278 |

## Do pháirceanna dlr

**PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 4.30pm
Feabh. – Márta 8am go 6pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lún. 8am go 9pm

**PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib.8am go 8pm | Beal. – Lún. 8am go 10.30pm

**PÁIRC NA BHFIANNA**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC & GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9am - 6pm

**PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉININ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC MHARLAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm
Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

**PÁIRC AN PHOBAIL**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll.– Márta 8am go 4.30pm
Aib. – Beal. 8am go 7.30pm |
Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm |
D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

**PÁIRC SHEANGÁNAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

## Faisnéis athchúrsála

**ATHCHÚRSÁIL BHAILE UÍ ÓGÁIN**
Bóthar Bhaile Uí Ógáin
**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm, Sath. 9.30am go 5.30pm | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

**ATHCHÚRSÁIL PHÁIRC ÉIDIN**
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ**
Carrchlós na Reilige, Seanchill
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

## Do leabharlanna dlr

**TÁ SEIRBHÍS CLICEÁIL AGUS BAILIGH Á hOIBRIÚ AG LEABHARLANNA MAR GHEALL AR SHRIANTA LEIBHÉAL 3**

**dlr LEXICON**
Ardán Haigh, Dún Laoghaire
**TEIL:** 01 280 1147
**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan – Déar. 9.30am – 8pm
Aoine go Sath. 9.30am – 5pm |
Domh. 12pm– 4pm

**AN CHARRAIG DHUBH**
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór
**TEIL:** 01 288 8117
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine & Sath. 10am –1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 1.15pm – 8pm

**CÁBÁN TSÍLE***
Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle
**TEIL:** 01 285 5363
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* & Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 2pm – 8pm

**DEILGINIS**
Sráid an Chaisleáin, Deilginis
**TEIL:** 01 285 5317
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine & Sath. 10am –1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 1.15pm – 8pm

**GRÁINSEACH AN DÉIN**
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin
**TEIL:** 01 285 0860
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine & Sath. 10am – 5pm.
Féinseirbhís *My Open Library*
8am – 10pm,
7 lá na seachtaine, deirí seachtaine saoire bainc san áireamh.

**DÚN DROMA**
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma
**TEIL:** 01 298 5000
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm

**SEANCHILL***
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill
**TEIL:** 01 282 3081
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* & Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt & Déar. 2pm – 8pm

**STIGH LORGAN**
Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine & Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm

* Leabharlanna a bhfuil *réiltín* leo, bíonn siad ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn – déan teagmháil leo chun tuilleadh sonraí a fháil.

- Ar dheirí seachtaine Saoire Bainc, bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, an Domhnach agus an Luan, ach bíonn leabharlann Ghráinseach an Déin ar oscailt sa mhodh *My Open Library*.



# SCÉIM DEONTAS 2021 dlr

## AR OSCAILT D'IARRATAS ANOIS

Tá COVID-19 i ndiaidh roinnt rudaí a athrú orainn, ach téann an saol laethúil sa phobal ar aghaidh i ngach réimse. Tá grúpaí, cumainn agus tionscadail de gach uile cineál ag déanamh a ndícheall a bheith faoi bhláth agus cloí leis na srianta riachtanacha sláinte poiblí ag an am céanna.

An bhfuil smaoineamh agat le haghaidh tionscadail nó tionscnaimh, cibé acu mór nó beag, a d'fhéadfadh dul chun sochair do cheantair áitiúil i réimsí na forbartha pobail, an spóirt, an chomhshaoil nó cur chun cinn gnó? D'fhéadfadh do thionscnaimh difear a dhéanamh d'fholláine agus cáilíocht bheatha na ndaoine i do chomharsanacht áitiúil, fiú ar bhealach beag!




Gach bliain, osclaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin scéim maoinithe deontais don bhliain dár gcionn, ar a dtugtar Scéim Deontais dlr. Cuireann sé maoiniú ar fáil do dhaoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail, imeachtaí nó tionscnaimh ag leibhéal na comharsanachta nó an Chontae laistigh dár gceantar, agus aird ar leith á tabhairt ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a stiúrtar go háitiúil agus tionscnaimh phobail. Tá maoiniú deontais ar fáil do thionscnaimh phobalbhunaithe, cur chun cinn gnólachtaí áitiúla, forbairt spóirt, an oidhreacht náisiúnta, cosaint an chomhshaoil, féilte cultúir, imeachtaí agus réimsí eile.

Ní fhacthas a leithéid den tionchar atá ag COVID-19 riamh cheana agus cuireadh isteach ar imeachtaí agus tionscnaimh a bhí beartaithe ag gach leibhéal agus i ngach réimse dár bpobal, agus ar an tsochaí trí chéile, ar bhealach an-suntasach. Is dóigh go leanfaidh an phaindéim reatha tionchar a bheith aige ar thionscnaimh, imeachtaí agus féilte in 2021, ach tuigimid freisin athléimneacht agus solúbthacht ár ngrúpaí pobail go léir agus na bealaí nuálacha ar fad ar lean siad lena gcuid clár agus imeachtaí a reáchtáil sa mhéid a bhí indéanta. Ag amanna mar seo, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go leanfaidh an Chomhairle uirthi ag tacú lenár bpobail.

Cabhraíonn an scéim le tionscadail agus tionscnaimh a fhorbairt chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach, sin nó d'fhéadfadh sí cabhrú leo dul in oiriúint chun oibriú ar an gcaoi is fearr de réir na srianta. Déantar iarratais ar líne trí thairseach tiomnaithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle, www.dlrcoco.ie/grants

D'fhonn an dea-rialachas agus an trédhearcacht a chinntiú, tá roinnt treoirlínte ginearálta ann a dhéanann tagairt d'iarratas a dhéanamh ar na deontais agus roinnt treoirlínte breise maidir le catagóirí deontais ar leith. Cabhraíonn seo lena chinntiú go dtacaíonn an Chomhairle leis an gcuid is fearr d'fhorbairt ár bpobal.

Ag labhairt di ag seoladh Scéim Deontais dlr do 2021, dúirt Cathaoirleach Chomhairle Contae Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Clr Una Power *'Cruthaíonn Scéim Deontas dlr deis iontach ar fáil chun cabhrú le grúpaí pobail agus daoine áitiúla raon leathan tionscnamh a chur i bhfeidhm i roinnt réimsí éagsúla. Le linn mo thréimhse mar Chomhairleoir, tá buntáistí na ndeontas seo feicthe agam agus creidim gur féidir leo tacaíochtaí tábhachtacha a chur ar fáil do ghrúpaí áitiúla ag an am dian seo. Mholfainn d'aon duine nó grúpa i gceantar dlr, a bhfuil cúnamh nó tacaíochtaí ag teastáil uathu, smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar na deontais atá ar fáil.'*

Seo í do dheis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú a d'fhéadfadh tús a chur le tionscnamh nua áitiúil chun fíordhifear a dhéanamh nó tionscnamh atá ann cheana féin a thógáil agus a bhogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na sruthanna sonracha deontais atá ar fáil, faoi conas iarratas a dhéanamh agus faoin gcritéir ábhartha, téigh go www.dlrcoco.ie/grants. Tá Scéim Deontas dlr do 2021 ar oscailt le haghaidh iarratas go dtí an 23 Deireadh Fómhair.

# Deontas Atosaithe Breise

Deontais de idir €4,000 agus €25,000 do ghnólachtaí




Chun cabhrú le gnólachtaí athoscailt agus daoine a chur ar ais ag an obair, ligeann scéim an Deontais Atosaithe Breise do ghnólachtaí incháilithe beaga agus meánmhéide iarratas a dhéanamh ar dheontais d'idir €4,000 agus €25,000 chun cabhrú leo tosú ag obair arís i ndiaidh am an-deacair ar fad.

Is féidir le gruagairí, clubanna spóirt a dtugann faoi ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta, caiféanna, bialanna agus gnólachtaí eile an t-airgead seo a úsáid chun cabhrú leis na costais a bhaineann le hathoscailt agus dul in oiriúint do thimpeallacht atá an-difriúil.

Tá comhlachtaí meánmhéide agus comhlachtaí a bhfuil suas le 250 fostaí acu incháilithe chun iarratas a dhéanamh anois.

Ní gá do ghnólachtaí a bhfuil maoiniú faighte acu faoin Deontas Atosaithe cheana iarratas a chur isteach arís faoi Scéim na nDeontas Atosaithe Breise mar go ndeachaigh an Chomhairle i dteagmháil leo.

I gcás iarratasóirí céaduaire ar scéim na nDeontas Atosaithe Breise, is é an t-íosmhéid deontais ná €4,000 agus an t-uasmhéid ná €25,000.

Tá an tréimhse iarratas do scéim na nDeontas Atosaithe Breise ar oscailt anois. Chun na sonraí ar fad a fháil maidir leis an incháilitheacht agus chun iarratas a dhéanamh ar líne, téigh go www.dlrcoco.ie/restart-grant-plus

Tá síneadh curtha leis an spriocdlá do scéim na nDeontas Atosaithe Breise go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020.

# Deontas Troscáin Sráide

Más gnólacht neamhspleách thú a dtugann faoi seirbhísí bia, seans go mbeifeá in ann leas a bhaint as Deontas Troscáin Sráide na Comhairle. Tugadh an deontas isteach chun cabhrú le gnólachtaí tosú ag obair arís i ndiaidh na dianghlasála, agus cuireann sé maoiniú ar fáil le haghaidh troscán sráide, suas le luach €2,000.

Tá sé ar fáil do ghnólachtaí ar ar bhronn an Chomhairle ceadúnas troscáin sráide (atá saor in aisce faoi láthair), agus ní bhaineann sé ach le suíocháin bhreise a chur ar fáil. Ní bhaineann sé le troscán atá ann cheana féin a uasghrádú. Féadfar na sonraí uile a fháil ar www.localenterprise.ie/DLR/Financial-Supports/Street-Furniture-Grant-Scheme/

Freagróidh ár nAonad Forbartha Geilleagraí do chuid ceisteanna ar 01-2047083 nó economicdev@dlrcoco.ie

# NUACHT D'ÍOCÓIRÍ RÁTAÍ

## TARSCAOILEADH RÁTAÍ DO GHNÓLACHTAÍ A BHFUIL FAOI THIONCHAR COVID-19

An 23 Iúil, d'fhógair an Rialtas go gcuirfear síneadh le tarscaoileadh rátaí tráchtála go ceann tréimhse trí mhí breise, go dtí an 27 Meán Fómhair. Beidh tuilleadh nuashonruithe ar fáil ina dhiaidh sin.

Cuirfear tarscaoileadh 100% i bhfeidhm ar gach gnólacht incháilithe mar chreidmheas in ionad rátaí go ceann tréimhse sé mhí go dtí an 27 Meán Fómhair. Tá roinnt catagóirí ann nach gcuirtear san áireamh, amhail ionaid réadmhaoine fholmha, fóntais, bainc, cumainn foirgníochta, ollmhargaí móra - chun liosta iomlán de na catagóirí nach gcuirtear san áireamh agus Ceisteanna Coitianta a fháil, téigh chuig www.dlrcoco.ie/rates.

Ní gá d'Íocóirí Rátaí iarratas a dhéanamh ar an tarscaoileadh, cuirfear i bhfeidhm é go huathoibríoch mura bhfuil an ghnólacht i gcatagóir a chuirtear as an áireamh. Scríobhfaimid chuig na hÍocóirí Rátaí go léir nuair a chuirfear an tarscaoileadh i bhfeidhm.

Má bhíonn ceist agat, seol ríomhphost chugainn ar rates@dlrcoco.ie nó cuir glaoch ar 01 2054821

## DEONTAIS A CHUIREANN AN CHOMHAIRLE AR FÁIL

Tá an deontas tacaíochta rátaí d'íocóirí rátaí a bhfuil a mbille rátaí níos lú ná €21,019 i bhfeidhm go fóill. Déanann an Scéim foráil go mbronnfaí deontas de €300 – €800 orthu siúd atá incháilithe ach téarmaí agus coinníollacha na Scéime a chomhlíonadh. Tá athbhreithniú déanta ar an Scéim chun an dáta chun bille rátaí 2020 (aon riaráiste san áireamh, má ann dóibh) a íoc ina iomláine nó i bpáirt nó chun dul i mbun comhaontú chun íoc a shíneadh ón 1 Iúil go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2020.

Déan teagmháil linn a luaithe is féidir chun an comhaontú riachtanach a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh tú incháilithe.

Ní gá iarratas a dhéanamh ar an deontas. Má bhíonn tú incháilithe, cuirfear i bhfeidhm é ar do chuntas go huathoibríoch. Féach ar www.dlrcoco.ie/ratesgrants chun sonraí a fháil faoin Scéim reatha, na téarmaí agus coinníollacha san áireamh.

Má chláraíonn tú chun íoc le dochar díreach, agus faoi réir théarmaí agus coinníollacha eile na Scéime a chomhlíonadh, cuirfear do dheontas i bhfeidhm ar do chuntas go huathoibríoch i mbliana.

# An dteastaíonn cuma úrnua uait **d'aghaidh do shiopa?**

Is féidir le siopa ar shráideanna na mbailte agus sráidbhailte i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin leas a bhaint as Scéim na Comhairle chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí chun cabhrú leo a bhfoirgnimh a athbheochan agus a athnuachan. Is é aidhm na scéime ná an sráid-dreach a fheabhsú chun aghaidheanna siopaí atá níos tarraingtí do lucht siopadóireachta, cónaitheoirí, cuairteoirí agus gnólachtaí. Cuireann an Chomhairle cómhaoiniú suas le huasmhéid de €5,000 ar fáil.

Tá téarmaí agus coinníollacha ann agus bíonn baill foirne na Forbartha Geilleagraí sásta i gcónaí iarratasóirí a threorú tríd an bpróiseas. Cuir glaoch orthu ar 01 204 7083 nó tabhair cuairt ar www.localenterprise.ie/DLR/Financial-Supports/Shop-Front-Improvement




Áitreabh i nDún Laoghaire a bhain leas as deontas le haghaidh aghaidh siopa

# Srianta Seirbhíse COVID-19 Leibhéal 3



In éineacht leis an gcuid eile de Bhaile Átha Cliath, tá ceantar dlr curtha ag Leibhéal 3 den Chreat le haghaidh Bearta Sriantacha, ar feadh tréimhse 3 seachtaine, go dtí Dé hAoine, 9 Deireadh Fómhair.

**Cuirfear isteach ar seirbhísí mar seo a leanas:**

- Ní beidh rochtain ar Áras an Chontae, Dún Laoghaire & Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma ach le réamhchoinne amháin. Ní mó clúdaigh aghaidhe a chaitheamh agus tú ag freastal ar do choinne. Cuir glaoch ar ár n-uimhir theileafóin 01 205 4700 nó seol ríomhphoist chuig info@dlrcoco.ie
- Beidh Leabharlanna dlr dúnta don phobal ach beidh na seirbhísí Cliceáil agus Bailigh agus Seachadta Leabhar ar fáil do chách go fóill. Téigh go suíomh gréasáin Leabharlanna dlr ag dlrlibraries.ie le fáil amach conas leas a bhaint as na seirbhísí sin. Beidh tionchar ag na srianta seo ar thaispeántais a bhí sceidealaithe i spásanna leabharlainne.
- Leanfaidh ionaid phobail de bheith ag feidhmiú ar bhonn teoranta agus an chomhairle sláinte poiblí á cur i bhfeidhm. Déan teagmháil le d'ionad áitiúil chun tuilleadh faisnéise a fháil.
- Beidh Ionaid Fóillíochta dlr agus linnte snámha dlr ar oscailt don traenáil aonair go fóill. Cuirfear ranganna ar fionraí.
- Beidh páirceanna agus áiteanna súgartha ar oscailt go fóill.
- Tá an t-imeacht bliantúil Oíche Shamhna 'Samhain' i bPáirc Mharlaí a bhí le bheith ar siúl Dé Domhnach, 25 Deireadh Fómhair curtha ar ceal.
- Fan ar an eolas lenár suíomh gréasáin agus lenár meáin shóisialta.




# Clár na dToghthóirí

Tagann Clár na dToghthóirí i bhfeidhm ar an 15 Feabhra gach bliain agus úsáidtear é le haghaidh gach toghcháin agus reifrinn a reáchtáiltear sna 12 mhí ina dhiaidh sin.

Tá an Dréachtchlár nua do 2021 – 2022 á ullmhú anois. Foilseofar é ar an 1 Samhain 2020 agus cuirfear ar fáil é lena iniúchadh ar www.voter.ie nó i gcóip chrua inár n-oifigí i nDún Laoghaire agus Dún Droma agus inár leabharlanna.

Tá sé tábhachtach go gcinnteoidh tú go bhfuil do shonraí / stádas vótála i gceart agus nach bhfuil tú cláraithe ach uair amháin.

**Éileamh ar cheartúcháin ar an Dréachtchlár**

Is féidir le haon duine éileamh a dhéanamh go ndéanfaí ceartúchán ar an Dréachtchlár ón 1 Samhain. Féadfar éileamh chun ainm duine a chur leis an Dréachtchlár, nó a bhaint de, a bheith san áireamh leis sin. Ní mór gach éileamh ag toghthóirí a bhfuil a seoladh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a sheoladh chuig Rannán na dToghchóras, Páirc Oifige Dhún Droma, an tSráid Mhór, Dún Droma, D14YY00 ar an 25 Samhain 2020, nó roimhe.

Tá Oifig Cheantair Dhún Droma freagrach as Clár na dToghthóirí a ghiniúint do Dhún Laoghaire Ráth an Dúin. Tá siad ar oscailt ó 9.30 – 12.30pm agus 1.30 – 4.30pm, Luan go hAoine.

Má bhíonn ceist agat, seol ríomhphost chuig registerofelectors@dlrcoco.ie




# Open House Bhaile Átha Cliath

Tá féile ailtireachta Open House, tionscnamh de chuid Fhoras Ailtireachta na hÉireann (IAF) a dtacaíonn dlr léi, cúig bliana déag ar an bhfód agus reáchtálfar é idir 8-11 Deireadh Fómhair.

Chuir géarchéim COVID-19 ag smaoineamh arís muid faoin gcaoi a ndéanaimid teagmháil lenár dtimpeallachtaí laethúla, ár spásanna glasa, ár dtithe, ár dtimpeallachtaí oibre agus na háiteanna ina ndéanaimid teagmháil shóisialta.

Faoi threoir Ailtire Sinsearach Bob Hannan, caithfidh turas rothaíochta ón Charraig Dhubh, trí Bhaile na Manach, agus ar aghaidh go Glas Tuathail súil ar fhreagairt dlr ar an ngéarchéim, agus tabharfar aird ar idirghabhálacha nua comhfhorbartha áite agus ríochta poiblí.

Ar imeall na cathrach, fiosrófar an caidreamh idir ábhar ailtireachta, áiteanna eastósctha agus spás poiblí trí oidhreacht cairéalaithe agus saoirseachta cloiche Bhaile Átha Cliath. Faoi stiúir Oifigeach Oidhreachta dlr Deirdre Black, rianóidh an turas siúil amlíne idir cairéalú stairiúil sna cnoic agus an slabhra soláthair leis an gcathair, agus saoirseacht nua-aimseartha chloiche eibhir na ríochta nua peiruirbeach poiblí ag Teach agus Gairdíní Chnoc na Raithní.

Beidh réimse gníomhaíochtaí do gach aois mar chuid de chlár Open House Junior, gníomhaíochtaí do theaghlaigh, páistí agus daoine óga. Is féidir le déagóirí tabhairt faoina dtionscadal dearaidh féin le 'DIYStudio', acmhainn ar líne de chuid IAF a thugann réamheolas ar an ailtireacht agus ar an dearadh. Spreagfaidh 'Dúshlán Minecraft' do pháistí idir 7 agus 15 bliana d'aois an tsamhlaíocht agus smaointe dearaidh d'áiteanna sa chontae. Is féidir le daltaí bunscoile a struchtúir féin a thógáil le hábhair choitianta le haghaidh comórtas dar teideal 'Building Stories', mar fhreagairt ar fhoirgnimh sa cheantar.

Ar na buaicphointí eile, taispeánfar gearrscannáin ina dtugtar suntas d'ailtireacht Bhaile Átha Cliath, buaiteoirí Duais Pritzker Grafton Architects san áireamh agus 'The Big Debate'. Chun tuilleadh faisnéis a fháil agus chun páirt a ghlacadh, téigh go www.openhousedublin.com chun sonraí a fháil.

# Achainí Oíche Shamhna




Is mian le dlr cúnamh a iarraidh ar chónaitheoirí agus gnólachtaí araon le cinntiú go mbeidh Oíche Shamhna sábháilte agus taitneamhach ag gach duine i mbliana. Is cleachtas mídhleathach, costasach agus dainséarach é dramhaíl a dhó go neamhshrianta i dtine chnámh. Is mian leis an gComhairle a iarraidh ar chónaitheoirí a bheith airdeallach agus aon stoc-charnadh dramhaíola a thuairisciú. Tabhair faoi deara gur cion é ligean do bhailitheoirí neamhcheadaithe dramhaíola dramhaíl a bhaint, agus d'fhéadfadh fíneáil suas le €5,000 a ghearradh as. Ba cheart aon ábhar a bhfuil seans ann go dtógfar agus go n-úsáidfear é le haghaidh tinte cnámha a stóráil go sábháilte agus go docht, nó ba cheart go bhfaighfí réidh leis, roimh Oíche Shamhna.

Chun stoc-charnadh a thuairisciú, cuir glaoch ar 01 2054700 nó seol ríomhphost chuig info@dlrcoco.ie.

# Tionscnamh Taistil **Scoile Gníomhaí**

Comhairle Contae County Council
RAMBOLL Bright ideas. Sustainable change.




Tá an tionscnamh Taistil Scoile Gníomhaí seolta ag an gComhairle. a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le modhanna malartacha do pháistí taisteal ar scoil ar bhealach sábháilte agus gníomhach, an choisíocht agus an rothaíocht go háirithe, agus iad a chur chun cinn. Agus an tionscnamh seo á sheoladh, aithníonn an Chomhairle go raibh teaghlaigh gníomhach le linn na paindéime COVID-19 agus gur mhian leo leanúint orthu.

Laghdóigh sé tionchar an taistil scoile ar an gcóras iompair poiblí, seachnódh sé an brú tráchta ag geataí na scoile agus spreagfaidh sé athrú leanúnach ó úsáid an chairr phríobháidigh. Tá an tionscnamh seo á chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus An Taisce – Clár Taistil na Scoileanna Glasa san áireamh.

Mar chuid den tionscnamh, sheol an Chomhairle léarscáil idirghníomhach gréasáin, ar a dtaispeántar réimse sonraí, lena n-áirítear bealaí siúil agus rothaíochta, bealaí eile iompair inbhuanaithe, agus áit a bhfuil ionaid deisiúcháin rothar ar fud an Chontae. Thug an Chomhairle cuireadh do scoileanna, tuismitheoirí, Comhairleoirí agus don phobal fadhbanna áitiúil taistil agus iompair a aithint, ar a bhféadfadh an Chomhairle cabhair agus comhairle a thabhairt. Tá breis is caoga aighneacht faighte go dtí seo trí uirlis 'Report It' na Comhairle. Mar thoradh orthu, tá an Chomhairle i ndiaidh cabhair a thabhairt do scoileanna trí sheastáin rothar agus cóin tráchta a chur ar fáil, agus comhairle tráchta shuíomhshonrach a thabhairt.

Ina dhiaidh sin, i mí Mheán Fómhair seo, sheol an Chomhairle a tionscnamh trialach Criose Scoile, atá mar chuid de Thaisteal Scoile Gníomhaí. Mar chuid den tionscadal píolótach seo, oibreofar le Scoil Náisiúnta Dhún Carúin sa Charraig Dhubh, chun bearta a chur i bhfeidhm chun cosc a chur le bac ar bhealaí isteach go scoileanna agus cosáin ag feithiclí, a fhágfaidh go mbeidh sé níos sábháilte dóibh siúd a shiúlann agus a rothaíonn chun na scoile.

Áirítear leis sin bearta sealadach maolaithe tráchta a fhorbairt i gcomharsanacht na scoile. Go fadtéarmach, oibreoidh an Chomhairle leis an scoil, an pobal níos leithne, an ÚNI, agus An Taisce, chun bearta níos inbhuanaithe a chur i bhfeidhm amhail tuilleadh trasrianta coisithe, marcálacha, agus bearta maolaithe tráchta níos buaine. Cuirfidh an tionscadal píolótach seo bonn eolais faoi chuir chuige agus bearta cuí a d'fhéadfaí a úsáid ag scoileanna eile ar fud an Chontae, amach anseo.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an tionscnamh agus ar an léarscáil ar líne, cuardaigh 'Active School Travel' ar ár suíomh gréasáin, dlrcoco.ie agus lean an fhaisnéis is déanaí ar na meáin shóisialta le #ActiveSchoolTravel

# Comórtas **ReLove Fashion**

Tá an comórtas ReLove Fashion ar oscailt do gach dalta i meánscoileanna in dlr.

Tugann an comórtas spreagadh do dhaltaí roghanna athúsáide cruthaithí a fhiosrú, amhail éadaí a uaschúrsáil, a dheisiú, a athrú agus bail a chur orthu. Úsáideann daltaí a scileanna dearaidh agus deisiúcháin chun a ráiteas stíle féin a dhéanamh. Moltar d'iarrthóirí éadaí a fháil ó shiopa carthanachta nó malartú éadaí nó earraí atá ar fáil sa bhaile cheana féin a úsáid.

Is deis iontach é an comórtas seo d'aon dalta ar spéis leis nó léi réimse an fhaisin ghasta, na hathúsáide, an dearaidh nó na huaschúrsála.

**Príomhdhátaí**

- Spriocdháta Clárúcháin – 5pm 2 Deireadh Fómhair
- Spriocdháta Aighneachta – 5pm 30 Deireadh Fómhair
- Babhta Ceannais – 26 Samhain

Is comhthionscnamh de chuid Údaráis Áitiúla agus an Rediscovery Centre é an comórtas seo.

Tá tuilleadh faisnéise faoin gcomórtas seo le fáil ar www.dlrcoco.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh le Rannóg Feasachta Comhshaoil na Comhairle ar 01 2054700.



# **Brait Ghlasa** do Scoileanna dlr



Comhghairdeas leis na scoileanna ar fad laistigh de Dhún Laoghaire-Ráth Dúin ar ar bronnadh Brat Glas i mbliana!

Éascaíonn foirne Chomhairle Contae dlr, i gcomhair leis An Taisce, Clár na Scoileanna Glasa agus tá sárobair feicthe againn i scoileanna áitiúla maidir le laghdú bruscair agus dramhaíola, caomhnú fuinnimh agus uisce, taisteal inbhuanaithe, an bhithéagsúlacht agus oideachas mara.

Tá an clár ceaptha chun gníomh uilescoile ar son an chomhshaoil a chur chun cinn agus a aithint.

Tugann scoileanna faoi thionscadail fhadtéarmach ar cheisteanna comhshaoil amhail bainistíocht dramhaíola agus bruscair, fuinneamh, uisce, iompar inbhuanaithe, an bhithéagsúlacht agus saoránacht domhanda.

# Fanacht Gníomhach le Comhpháirtíocht Spóirt dlr

Is féidir dúshlán a bheith ag baint le fanacht gníomhach ag an am corrach seo agus Covid-19 ag leanúint air. Tá Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin níos tiomanta ná riamh "pobail ghníomhacha a chothú" trí chláir ghníomhaíochta a chur ar fáil faoin gcaoi ar féidir le muintir dlr a bheith gníomhach.

**Scéim Deontas um Rannpháirteachas Club 2020**

Ba mhian le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iarratas a lorg ó chlubanna agus eagraíochta spóirt faoina Scéim Deontas um Rannpháirteachas Club 2020. Cuspóir na scéime deontas seo is ea cabhair a thabhairt do chlubanna lonnaithe sa Chontae tionscnaimh spriocdhírithe rannpháirteachais do chailíní/mhná, agus daoine faoi mhíchumas, a fhorbairt nó cur leo, agus oiliúint a chur ar fáil d'oibrithe deonacha/cóitseálaithe.

Chun tuilleadh faisnéis a fháil faoin scéim deontas seo agus faoin gcaoi le hiarratas a dhéanamh, téigh go www.dlrsportspartnership.ie. An spriocdháta le haghaidh iarratas ná an 23 Deireadh Fómhair 2020.

**Ag Fanacht Gníomhach**

Is maith is eol dúinn go léir go bhfuil gníomhaíocht tábhachtach dár bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach ach cé mhéad aclaíocht ar chóir dúinn a dhéanamh? Treoir ghinearálta do dhuine fásta ná 30 nóiméad de ghníomhaíocht mheánach, 5 lá in aghaidh na seachtaine. Ba cheart do pháistí agus déagóirí 60 nóiméad nó níos mó de ghníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh gach lá. Chun cabhrú leat leanúint ort léi, roghnaigh gníomhaíocht a dtaitníonn leat, bíodh sí mar chuid de do lá, déan aclaíocht le daoine eile chun spreagadh a fháil agus cuir an ceol is ansa leat ar siúl agus tú á déanamh.

## Moltaí do Ghníomhaíochtaí ó Chomhpháirtíocht Spóirt dlr:




**Siúlóidí inár bPáirceanna dlr**

Tá an-ádh orainn go bhfuil neart páirceanna áille againn sa Chontae agus níl áit níos fearr le bheith gníomhach ná siúlóid i do cheann áitiúil. Eagraímid éicishiúlóidí treoraithe aireachais saor in aisce, atá an-oiriúnach go háirithe do dhaoine fásta a bhí ag aonrú roimhe seo. Táimid ag tosú ar chláir shiúlóide 4 seachtaine freisin, a fhreastalaíonn ar gach leibhéal corpacmhainne, go háirithe orthu siúd atá ag iarraidh filleadh ar an ngníomhaíocht agus an aclaíocht.

**Gníomhaíochtaí Ar Líne Sa Bhaile a Oireann do Gach Duine**

Tá éagsúlacht ranganna ar ár gCainéal tiomnaithe YouTube Chomhpháirtíocht Spóirt DLR chun tú a choinneáil gníomhach sa bhaile. Tá siad roinnte de réir aoise, gníomhaíochta agus cumais agus tá rud ann do chách.

**Tolg go 2K agus 5K**

Cibé acu nach ndeachaigh tú ag bogshodar riamh nó go bhfuil tú díreach ag iarraidh a bheith níos gníomhaí, is bealach saor agus éasca é Tolg go 2K/5K chun níos mó fuinnimh a fháil agus a bheith níos folláine. Tá seo oiriúnach do gach duine ar mhaith leo dul ón siúl go dtí an bogshodar, ach atá beagán éiginnte faoin gcaoi le tosú.

**Spórt Ionchuimsitheach**


Tá ár nOifigeach Míchumais Ionchuimsithe Spóirt tiomnaithe ar fáil chun cabhrú le clubanna, scoileanna agus áiseanna deiseanna ionchuimsitheacha spóirt a chur ar fáil do pháistí agus daoine fásta faoi mhíchumas. Trí cheardlanna oiliúna, tacaíochtaí praiticiúla agus sainchomhairle, oibrímid go leanúnach lena chinntiú gur féidir le gach cumas a rogha gníomhaíochta a rochtain ag leibhéal a oireann dó.

**Mol Spóirt & Gníomhaíochta Fisiciúla Bhaile Uí Ógáin**

Táimid ag atosú clár inár Mol Spóirt i mBaile Uí Ógáin, blasghníomhaíochtaí, cláir chispheile agus traenáil san áireamh. Ní áit ná foirgneamh ar leith é an Mol, is bealach é chun daoine a nascadh lena chéile trí réimse gníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla atá deartha do pháistí agus daoine óga i mBaile Uí Ógáin.

Cuir glaoch ar ár bhfoireann ar 01 271 9502 nó seol ríomhphost go sportspartnership@dlrcoco.ie má bhíonn cabhair nó comhairle de dhíth ort.

# Rannpháirtíocht an Phobail ar Bhealaí Nua Sábháilte Coisíochta agus Rothaíochta




Mar chuid den tionscnamh Taistil Scoile Gníomhaí, tá an Chomhairle i ndiaidh dul i mbun rannpháirtíocht an phobail ar thrí bhealach nua phíolótacha coisíochta agus rothaíochta. Is iad sin an Bealach Farraige go Sléibhte, an Bealach Sléibhte go dtí na Ráillí agus an Bealach Páirc go Páirc.

Déanfaidh na bealaí nua comhdhlúite sin, atá 20 km ar fad san iomlán, an líonra coisíochta agus rothaíochta atá ann cheana sa Chontae a uasghrádú agus a nascadh. Tá siad ceaptha chun níos mó daoine a spreagadh siúil agus dul ar rothar chun na scoile, agus lena n-úsáid níos leithne ag an bpobal i gcoitinne.

Is féidir leat breathnú ar léarscáileanna agus ar chur síos ar na trí bhealach píolótacha i Leabhrán Faisnéise agus Rannpháirtíochta atá ar fáil ar an suíomh gréasáin ag www.dlrcoco.ie/en/environment/active-school-travel

Céim 1 den tionscadal seo ná próiseas rannpháirtíochta a bhfuiltear á thabhairt faoi go dtí Dé hAoine, 23 Deireadh Fómhair 2020. Mar chuid den phróiseas sin, tá d'aiseolas ar na bealaí atá beartaithe á lorg againn chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi Chéimeanna 2 agus 3 den tionscadal.

Is féidir leat aiseolas a thabhairt ar líne nó tríd an bpost.

**Ar líne:**
Bain úsáid as Mol Comhairliúchán dlr, atá ar fáil ag https://bit.ly/dlrWalkCycle


**Post:**
Tionscadal Taistil Scoile Gníomhaí,
An Rannóg Bonneagair agus Athraithe Aeráide,
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,
Halla an Chontae,
Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire.

Is féidir d'aiseolas ar Chéim 1 a chur isteach go dtí Dé hAoine, 23 Deireadh Fómhair 2020, an lá sin san áireamh. Beidh deiseanna leanúnacha rannpháirtíochta ann sna míonna amach romhainn, ar chéimeanna níos déanaí den tionscadal.

# Turais Fhíorúla 3T
## Oidhreacht sa Bhaile

Tionscnamh nuálach de chuid Imeachtaí Oidhreachta dlr atá in 'Oidhreacht sa Bhaile' chun oidhreacht shábháilte, inrochtana a chur ar fáil le linn phaindéim Covid 19. D'fhás ceithre thuras fhíorúla as feachtas trasmheán sóisialta a tosaíodh le dhá thuras fhíorúla, ar ár n-ardán Facebook, Twitter agus Instagram. Ar na turais, breathnaítear thart ar Theach Chábán tSíle, Teach Mharlaí, Aireagal an Chroí Ró-Naofa agus an Músaem Náisiúnta Muirí, d'fhonn léargas domhain a thabhairt ar na seoda seo den oidhreacht áitiúil atá i bhfolach.

Cé gur tháinig na Turais Fhíorúla 3T chun cinn i dtosach mar réiteach ar chealú mí-ámharach ár gcláir 'Spring into Heritage' mar gheall ar Covid-19, chruthaigh siad a chumas mar uirlis ilghnéitheach. Ní hamháin go gcuireann na turais deis ar fáil chun breathnú thart ar ár ionaid réadmhaoine oidhreachta ó chompord do bhaile féin, is uirlis caomhnaithe iad freisin, a bhuanaíonn ár n-oidhreacht thógtha go digiteach, uirlis ríthábhachtach chun cabhrú leis an oidhreacht imeacht na haimsire a sheasamh. Freastalaíonn na turais ar an éileamh oideachais freisin, trí phócaí inrochtana idirghníomhacha eolais a chur ar fáil do thimpeallachtaí scoile agus baile araon.


An tAireagal

Cintíonn ár dTurais Fhíorúla 3T go mbíonn an oidhreacht áitiúil inrochtana agus go dtugtar léargas uirthi go fóill am ar bith, áit ar bith, agus do dhuine ar bith. Is féidir leat teacht ar ár dturais fhíorúla ar an n-árdán Facebook, Twitter agus Instagram ag am ar bith i rith an lae. Aimsigh ár dturais ar www.events.dlrcoco.ie


Teach Mharlaí

## próifíl foirne dlr



**Deirdre Black**
OIFIGEACH OIDHREACHTA dlr

### Céard a dhéanann tú?

Is mise Oifigeach nua Oidhreachta an Chontae agus bhí ríméad orm teacht isteach ar fhoireann chomhairle contae dlr níos luaithe i mbliana. Tagann an t-am atá caite agus an t-am atá le teacht le chéile tríd an oidhreacht. I mo chuid oibre féin, ní dhéanaim ach aire a thabhairt dár stair roinnte agus dár dtimpeallacht nádúrtha agus aird a tharraingt orthu amháin, ach baineann sí freisin le cinntí a dhéanamh maidir leis na rudaí a chaomhnóimid don chéad ghlúin eile. Oibrím go dlúth le comhghleacaithe i roinnt rannóga de chuid na Comhairle ar phleananna, imeachtaí, cláir agus beartais oidhreachta, agus tacaím le himeachtaí oidhreachta ar feadh réimse leathan eagraíochtaí agus grúpaí pobail sa chontae.

### Céard é gnáthlá oibre duit?

D'fhéadfainn a bheith áit ar bith sa chontae, ag labhairt le daoine faoina n-oidhreacht áitiúil nádúrtha, thógtha nó chultúrtha, d'fhéadfainn a bheith ag tabhairt cuairt ar aon cheann dár bhfoirgnimh agus áiteanna iontacha stairiúla, nó d'fhéadfainn a bheith ar ais ag mo dheasc ag deileáil le glaonna teileafóin agus tuarascálacha. Seans go bhfeicfeá mé ag dul timpeall na háite ar rothar leictreach de chuid na comhairle, a chabhraíonn go mór le cuairteanna ar shuíomhanna sna háiteanna níos airde den chontae! I mbliana, beidh mé ag obair ar Phlean nua Oidhreachta don Chontae agus táim ag súil le teagmháil a dhéanamh le daoine agus grúpaí ar fud an chontae ar suim leo an chaoi ar féidir leis an oidhreacht ár saolta a fheabhsú.

### Cad é an chuid is deacra de do phost?

Ar nós post ar bith a bhfuil an-chuid éagsúlachta ag baint leis, is é an cleas atá ann an chothromaíocht cheart a aimsiú idir an obair laethúil agus súil a choinneáil ar na mórthionscadail a fhéadfaidh a bheith ar bun ar feadh roinnt blianta - ní mór teas a choinneáil leis na hiarainn ar fad!

### Cad é an chuid is fiúntaí de do phost?

Is aoibhinn liom an ghné dhinimiciúil den oidhreacht. Cuid lárnach d'fhéiniúlacht an duine aonair agus an phobail is ea é a bheith in ann an oidhreacht a rochtain agus a bhrath go bhfuil nasc agat léi, ach is próiseas síorathraitheach é sin. Insímid scéalta na n-áiteanna as an nua i ngach glúin, agus tá mé an-tugtha do na bealaí nua inar féidir linn seanscéalta a insint a fhiosrú, chun dearcthaí nua a thabhairt agus an t-am atá caite a dhéanamh ábhartha don am i láthair ionas go mbeidh dáimh ag muintir an lae inniu leo. Tá sé an-taitneamhach a bheith ag obair leis an méid sin codanna éagsúla d'eagraíocht na Comhairle, agus an deis a bheith agam oibriú le daoine fud fad an chontae a bhfuil a gcroí istigh ina n-oidhreacht áitiúil.





# Deich mBliana na gCuimhneachán 2020

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Céard is ainm ann? Dun Leary – Kingstown – Dún Laoghaire. Stair fhísiúil trí chártaí poist a dhéanann comóradh céad bliain ar an athrú ar ainm an bhaile le linn Chogadh na Saoirse.

In 1821 a athraíodh an t-ainm ó Dunleary nó Dun Leary go Kingstown le hurraim a thabhairt do chuairt Sheoirse IV ar an mbaile bríomhar seo a bhí ag fás go tapa. In 1920 a tugadh an t-ainm Dún Laoghaire air go hoifigiúil, mar thagairt ar an ainm bunaidh Gaeilge ar Dunleary. Maítear gur tháinig an t-ainm ó sheandún ar le taoiseach darbh ainm Laoghaire é. Gníomh polaitiúil a rinneadh d'aon ghnó a bhí ann le linn Chogadh na Saoirse, gníomh dúshlánach i gcoinne an tseanoird in Éirinn. Tugann Miontuairiscí Comhairle ó Dhúiche Uirbeach Kingstown le fios gurbh é Seán Ó hUadhaigh ó Bhailecheantar Kingstown a mhol an t-athrú ar an 6 Iúil 1920. Chomhaontaigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath an t-athrú ar an 24 Iúil 1920 agus gníomhaíodh dá réir ar an 5 Lúnasa 1920. Ag an gcruinniú céanna ar an 6 Iúil, moladh roinnt athruithe eile ar ainmneacha agus glacadh leo. I measc na n-athruithe, cinneadh an méid seo a leanas: 'the name of the Royal Victoria Baths be altered forthwith to Dún Laoghaire Baths'.




Fuair Leabharlanna dlr nach mór 700 cárta poist ón gceantar seo nuair a díoladh Bailiúchán Cárta Poist Seamus Kearns in 2019. Tá siad á gcatalógú agus á ndigitiú faoi láthair, agus in éineacht le thart ar 300 cárta poist atá i mBailiúchán na Staidéar Áitiúil cheana féin, beidh siad ina mbunús le taispeántas ar an láthair agus taispeántas digiteach i Samhain 2020 ina gcuirfí roinnt de na cártaí poist seo ar taispeáint. Cuireann ábhar earraí inbhailithe leis an scéal náisiúnta, insíonn sé scéalta aonair agus cuireann sé bunús faoinár dtuiscint ar chúrsaí sóisialta agus cultúrtha na tréimhse.

Agus an t-athrú ainm ó Kingstown go Dún Laoghaire á cheiliúradh, táthar ag súil go ndíreoidh sé aird ar na cártaí poist atá i mBailiúchán Staidéar Áitiúil dlr agus go gcuirfidh sé leis an tábhacht a bhaineann le ról leabharlann agus cartlann poiblí maidir le himeachtaí suntasacha sa phobal áitiúil a chur chun cinn, a choimeád agus a dhigitiú trí rochtain phoiblí saor in aisce a chur ar fáil ar earraí inbhailithe agus bailiúcháin.

Tacaíonn an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta leis an togra seo faoi thogra Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023.

# Glaoch ar Thithíocht curtha amach chuig Úinéirí Réadmhaoine agus Forbróirí



**An bhfuil ionad réadmhaoin agat agus suim agat é a dhíol?**

**An bhfuil réadmhaoin chónaitheach agat atá folamh ach i ndea-chaoi?**

**An bhfuil réadmhaoin chónaitheach agat atá folamh ach óna teastaíonn deisiúcháin?**

**An bhfuil suim agat i dtoradh seasta a fháil ar do réadmhaoin infheistíochta?**

**An bhfuil forbairt lándéanta nó scéim tithíochta neamhchríochnaithe agat?**

Tá thart ar 4,280 daoine aonair agus teaghlach ar Liosta Feithimh Tithíochta dlr faoi láthair, agus tá an chomhairle ag iarraidh cur le líon na dtithe atá ar fáil le haghaidh tithíocht shóisialta trí mheán roinnt meichníochtaí soláthair. Lorgaítear ionadai réadmhaoine atá oiriúnach do thithíocht shóisialta faoi na tionscnaimh seo a leanas:


**Ceannach:** Tá dlr ag iarraidh ionaid réadmhaoine a cheannach chun riachtanas sonrach tithíochta sóisialta a chomhlíonadh: Tithe 1 seomra leapa, tithe teaghlaigh níos mó - tithe 4 sheomra leapa go háirithe nó tithe atá oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas nó d'aosaigh, nó a d'fhéadfaí a chur in oiriúint dóibh, amhail bungaló nó árasán. É sin ráite, cuirfear gach togra san áireamh.

**Scéim don Léasú ar Thithíocht Shóisialta:** Má tá suim agat i dtoradh seata a fháil ar réadmhaoin infheistíochta, leis an tionscnaimh don léasú ar thithíocht shóisialta, tugtar deis an t-ionad réadmhaoine a léasú go dlr ar léas fadtéarmach ar théarma seasta ar chíos comhaontaithe lascainithe. Ar na buntáistí a bhaineann leis sin, ní bhíonn aon tréimhse fholamh ann, ní bhíonn cíos le bailiú ná ní bhíonn riaráistí ann. Áirítear leis na roghanna Gnáthléasú agus Léasú Feabhsaithe.

**An Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe:** Tá an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe ar fáil chun cabhrú le húinéirí réadmhaoine, atá folamh le 12 mhí, a thabhairt ar ais isteach san úsáid chun críocha tithíocht shóisialta. Cuirtear iasacht saor ó ús de suas le €40,000 ar fáil chun cabhrú leis na costais a bhaineann leis na deisiúcháin atá de dhíth chun go mbeidh an t-ionad réadmhaoine ar comhchéim leis an gcóiríocht phríobháideach ar cíos. Mar chúiteamh, cuireann an t-úinéir an t-ionad réadmhaoine ar fáil don Chomhairle de réir comhaontú léasa.

**Forbairtí Lándéanta:** Cuirimid fáilte roimh léirithe suime chun forbairtí lándéanta a chur ar fáil le haghaidh tithíocht shóisialta. Cuirfear fáilte ar leith roimh thogra maidir le forbairtí lándéanta tithíochta i limistéir éilimh, nach bhfuil dlús tithíochta sóisialta iontu cheana féin. Ba cheart go mbeadh an fhorbairt lonnaithe gar do sheirbhísí agus áiseanna amhail siopaí, scoileanna agus taitneamhachtaí áitiúla áineasa, agus ní mór go gcomhlíonfadh sí na riachtanais ábhartha reachtacha uile maidir le caighdeáin phleanála agus foirgníochta.

Más mian leat aon cheann de na roghanna sin a fhiosrú, déan teagmháil leis an Rannóg Tithíochta ar ríomhphost ar secretariat@dlrcoco.ie nó ar an teileafón ar 01 205 4765.




# Ceoltóirí Cónaithe dlr 2020

**Déardaoin, 15 Deireadh Fómhair, 7.30pm – Stiúideo dlr LexIcon***
Kevin Brady (thar ceann an Tommy Halferty Trio)
Tudo E Som (Everything is Sound)

An drumadóir agus an cnagcheoltóir, Kevin Brady, a bheidh mar Cheoltóir Cónaitheach dlr le linn Mheán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2020.

Chuir Kevin barr feabhais ar a stíl dhomhanda trí staidéar a dhéanamh i Nua-Eabhrac agus Havana agus sheinn sé ag áras iomráiteach ceoldrámaíochta Sydney Opera House agus sa chlub Ronnie Scott's i Londain, agus ag féilte idirnáisiúnta snagcheoil ó Chorcaigh go dtí an Cholóim. Tá Kevin ina bhall den Tommy Halferty Trio le breis is 10 mbliana, ag seinm in éineacht leis an seinnteoir olldoird Dave Redmond agus an giotáraí Tommy Halferty, a bhfuil cáil tarraingthe aige ar shnagcheol na hÉireann lena stíl uathúil taibhithe.

Le linn na Cónaitheachta, déanfaidh Kevin agus na baill eile den tríréad ceol faoi thionchar Música instrumental Brasileira a fhiosrú agus a chumadh. Go litriúil, ciallaíonn seo ceol uirlise de chuid na Brasaíle, agus tagraíonn sé do shnagcheol agus foirmeacha eile ceoil uirlise.

Tarraingeoidh Tudo E Som (Everything is Sound), an clár nua ceoil a fhorbrófar le linn na cónaitheachta, aird ar an éagsúlacht cultúir in Éirinn sa lá atá inniu ann.

**Tabhair faoi deara go bhféadfaí an t-ionad athrú*

Cómhaoiníonn dlr agus an Chomhairle Ealaíon Ceoltóirí Cónaithe dlr agus bainistíonn Music Network an clár.

# Club Leabhar Ar Líne

Glac páirt i bplé chlub leabhar leabharlanna dlr ó chompord do bhaile!

An dtaitníonn sé leat leabhair a léamh agus a phlé? Más fearr leat fanacht sa bhaile ag an am seo ach thaitneodh sé leat páirt a ghlacadh i bplé beo go fóill, seo an club duitse! Bí le foirne leabharlanna dlr agus áisitheoir sármhaith ár gclub leabhar, Mary Burnham, an Chéadaoin deiridh de gach mí ag 7.30pm ar Zoom. Is féidir leat blag leabhar Mary Burnham a léamh ag www.blog.dubraybooks.ie/author/maryb

**Leabhair ag le teacht:**

- 30 Meán Fómhair: Eight months on Ghazzah Street le Hilary Mantel
- 28 Deireadh Fómhair: The Cow Book: a story of life on an Irish family farm le John Connell
- 25 Samhain: This Boy's Life le Tobias Wolff

Tá cóipeanna de na leabhair thuas ar fáil ó bhaill foirne ar Leibhéal 4, dlr LexIcon agus tá cuid acu ar fáil lena n-íoslódáil ar líne freisin.




# Féile Leabhar na bPáistí 2020



children's books ireland
every child a reader

Is togra náisiúnta é Féile Leabhar na bPáistí a reáchtáiltear i mí Dheireadh Fómhair gach bliain ar fud na hÉireann chun cabhrú leis an sult a bhaintear as leabhair agus an léitheoireacht a scaipeadh i measc páistí agus teaghlach, údar agus maisitheoirí, múinteoirí agus leabharlannaithe. Tá imeachtaí Fhéile Leabhar na bPáistí á n-eagrú ag Leabharlanna dlr le blianta beaga anuas, ag tabhairt cuireadh d'údair agus maisitheoirí teacht chuig seisiúin scéalaíochta; agus ag eagrú ranganna líníochta agus maisithe; agus ceardlanna ceardaíochta agus scríbhneoireachta cruthaithí. Tá sé mar chuid den fheachtas níos leithne Litearthachta 'Right to Read'

Chun rochtain a fháil ar ár mBailiúchán Foirne Leabhar, seol ríomhphost chuig libraryculture@dlrcoco.ie. Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin, www.libraries.dlrcoco.ie agus ar ár leathanaigh ar na meáin shóisialta chun tuilleadh sonraí a fháil ar ár gclár le haghaidh Fhéile Leabhar na bPáistí 2020.

# Bailiúchán Foirne Leabhar

An bhfuil tú i do bhall den chlub leabhar óna dteastaíonn roinnt tacaíochta ó Leabharlanna dlr?

Tá bailiúchán cuimsitheach foirne leabhar (níos mó ná 200 teideal) againn lena n-úsáid ag Clubanna Leabhar dlr amháin!

Is féidir leat cóipeanna iomadúla d'aon cheann de na leabhair sin a thógáil ar iasacht ó do rogha Leabharlann dlr www.libraries.dlrcoco.ie/find-and-renew/book-choices/book-sets

Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar Chlub Leabhar ar Líne Leabharlanna dlr nó ar an gcaoi lenár mBailiúchán Foirne Leabhar a rochtain, seol ríomhphost chuig: libraryculture@dlrcoco.ie




## TAISPEÁNTAIS ag dlr LEXICON (Faoi shrian go dtí 10 D. Fómh.)

# A History of Ireland in 100 Words

### Le caoinchead Acadamh Ríoga na hÉireann agus eDIL

Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy




**Leibhéal 3, dlr LexIcon | 2 Meán Fómhair – 31 Deireadh Fómhair 2020**

Cuireann na focail a úsáidimid rud bunúsach in iúl fúinn agus faoin gcaoi a smaoinímid. Tugann siad léiriú do dhaoine eile ar na rudaí atá ar eolas againn, na rudaí atá tábhachtach dúinn, agus ar an gcaoi a n-amharcaimid ar ár dtimpeallacht. Tagann na focail atá tagtha anuas chugainn ó Éiré na nGael ó chultúr saibhir agus éagsúil téacsúil ina raibh tráchtais dlí, a chlúdaigh gach rud idir an dúnmharú agus an bheachaireacht, agus scéalta faoi ríthe, banríonacha, laochra agus gaiscígh. Faigh amach an chaoi a mbíodh muintir na hÉireann ag ithe, ag ól, ag gléasadh, ag tabhairt grá agus ag insint bréag sa taispeántas fíorshuimiúil seo bunaithe ar 'A History of Ireland in 100 Words' le Sharon Arbuthnot, Máire Ní Mhaonaigh agus Gregory Toner, arna mhaisiú ag Joe McLaren agus arna fhoilsiú ag Acadamh Ríoga na hÉireann (2019).



# Crowns of Waste

### Taispeántas Grianghraf-adóireachta

**Leibhéal 3, dlr LexIcon | 2 Meán Fómhair – 31 Deireadh Fómhair 2020**

Cuireann Meánscoil ag Foghlaim le Chéile na Céime i láthair sraith de ghrianghraif a thugann suntas dá rannpháirtíocht i gclár na Scoileanna Ildánacha. Ag obair leis an gComhlach Cruthaitheach Mimi Doran agus Comhordaitheoir na Scoileanna Alice O'Connor, bhí ról lánach ag daltaí i gclár ealaíon agus cruthaitheachta a fhorbairt dá scoil. In éineacht leis an ealaíontóir Annie Holland, d'fhiosraigh siad an inbhuanaitheacht agus an ghéarchéim aeráide agus is í an sraith seo de ghrianghraif ghairmiúla de cheannbhearta a rinne na daltaí as plaistigh neamh-inathchúrsáilte toradh na hoibre sin.

# Mind Yourself:

### Treoir Léitheoireachta LPÉ 2020

Foilsíonn Leabhair Pháistí Éireann treoir léitheoireacht gach bliain agus i dtreoir na bliana seo, Mind Yourself, beidh 120 leathanach de leabhair le haghaidh léitheoirí óga 0–18 mbliana d'aois, agus díreofar inti ar mholtaí léitheoireachta chun an fholláine mheabhrach a fheabhsú. Taobh istigh di, beidh comhairle le cliniceoirí maidir le haire a thabhairt do do mheabhharshláinte, agus cabhróidh sí le daoine fásta labhairt le páistí agus daoine óga faoi gcaoi a mothaíonn siad agus le léiriú dóibh gur mhothaigh daoine eile mar an gcéanna roimhe seo.

Seolfar an treoir ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte (10 Deireadh Fómhair) agus beidh sí ar fáil i Leabharlanna dlr i ndiaidh an dáta sin.




## CÉARD ATÁ AR SIÚL SA GHAILEARAÍ BARDASACH IN dlr LEXICON

# UNFOLDING Taispeántas de Cheardaíocht Chomhaimseartha na hÉireann

**26 Meán Fómhair – 8 Samhain 2020**



Kate O'Kelly, Cloud Collection

Á léiriú ag Angela O'Kelly, is é coincheap an taispeántais díriú ar phróiseas dearaidh agus déanta na ndéantóirí-dearthóirí a roghnaíodh a nochtadh. Cur chuige nua atá ann i leith ceardaíocht chomhaimseartha a chur ar taispeáint agus beidh obair déantóirí Éireannacha a bhfuil obair nuálach agus spreagúil ar bun acu mar chuid de.

Beidh obair le Cathy Burke, Lorna Donlon, Trudy Feighary, Elaine Harrington, Pierce Healy, Alison Kay, Tara Ní Nualláin, Aoife Mullane, Fiona Mulholland agus Kate O'Kelly le feiceáil sa taispeántas.

Tacaíonn Clár Ealaíon Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann (DCCoI) leis an taispeántas seo.

# New Work le Gary Coyle

**20 Samhain 2020 – 12 Eanáir 2021**



Bridge le Gary Coyle

Sraith de líníochtaí daite – athrú ó ghnáthstíl Coyle - bunaithe ar a thuras DART idir Lár na Cathrach agus Dún Laoghaire, a bheidh i dtaispeántas Gary Coyle a bheidh ar siúl go luath in dlr LexIcon. Agus iad spreagtha i bpáirt ag priontaí bloic adhmaid na Seapáine ón 18ú agus ón 19ú hAois, cruthófar iad ar ríomhaire le photoshop agus táibléid líníochta.

Deir Gary: "Ónar osclaíodh DART i Samhradh 1984, thaistil mé air na mílte is na mílte uair, thaitin sé liom i gcónaí a mhothú go raibh m'intinn á folmhú agus mé ag gluaiseacht go réidh idir Lár na Cathrach agus Dún Laoghaire. Go mion minic agus mé ag dul thar shéadchomhartha nó radharc a raibh seanchur amach agam air a cheapfainn gur cheart dom íomhá a dhéanamh de, ach ní dhearna. Leis an taispeántas seo, d'éirigh liom an spadhar sin a fhiosrú."

Bronnadh an Coimisiún Amharc-Ealaíne le haghaidh 2020 ar Gary Coyle chun an saothar don taispeántas seo a chruthú. Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon go lách leis an Dámhachtain.

# Déanann **do** Chomhairleoirí **dlr** ionadaíocht ortsa

## DÚN DROMA

AN CLR **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 829 0570
**RÍOMHPHOST:** sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige, Bóthar Bhaile an tSaoir
**FÓN PÓCA:** 087 245 4202
**RÍOMHPHOST:** colgan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana, Baile an Teampaill
**FÓN PÓCA:** 087 115 4468
**RÍOMHPHOST:** ddunne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa, Bóthar Chill Mochuda Uachtarach
**FÓN PÓCA:** 087 282 5511
**RÍOMHPHOST:** agrainger@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
**FÓN PÓCA:** 087 741 1638
**RÍOMHPHOST:** smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard, Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 461 1638
**RÍOMHPHOST:** pobrien@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce, Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma
**FÓN PÓCA:** 086 818 6732
**RÍOMHPHOST:** joleary@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

AN CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1625
**RÍOMHPHOST:** ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua, Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086-8516936
**RÍOMHPHOST:** moconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 083 149 6045
**RÍOMHPHOST:** edowling@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean
**FÓN PÓCA:** 086 781 4517
**RÍOMHPHOST:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 772 0794
**RÍOMHPHOST:** jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 193 6483
**RÍOMHPHOST:** dsmith@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh
**FÓN PÓCA:** 086 818 6704
**RÍOMHPHOST:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**RÍOMHPHOST:** mdockrell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1627
**RÍOMHPHOST:** kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
AN LEAS CHATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 908 1058
**RÍOMHPHOST:** sofaolain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 120 2121
**RÍOMHPHOST:** mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 0872041559
**RÍOMHPHOST:** mfanning@cllr.dlrcoco.ie

## DÚN LAOGHAIRE

AN CLR **MELISA HALPIN** PRB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 380 5793
**RÍOMHPHOST:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086 461 1626
**RÍOMHPHOST:** mfayne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 313 8815
**RÍOMHPHOST:** jmoylan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland, Cualanor, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 790 5555
**RÍOMHPHOST:** lhall@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach., Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 270 7745
**RÍOMHPHOST:** joconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 373 2518
**RÍOMHPHOST:** tkivlehan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt Baile na Manach
**FÓN PÓCA:** 087 247 3448
**RÍOMHPHOST:** dquinn@cllr.dlrcoco.ie




## CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL

AN CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 104 3210
**RÍOMHPHOST:** fmcnamara@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil, f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 109 4032
**RÍOMHPHOST:** mclark@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 278 5609
**RÍOMHPHOST:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí, Bóthar Bhré, Seanchilll
**FÓN PÓCA:** 086 813 1456
**RÍOMHPHOST:** jgildea@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **UNA POWER** CG
AN CATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 386 1048
**RÍOMHPHOST:** unapower@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **HUGH LEWIS** PRB
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige, An Baile Breac
**FÓN PÓCA:** 086 781 4523
**RÍOMHPHOST:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín
**FÓN PÓCA:** 086 383 5051
**RÍOMHPHOST:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie

## GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

AN CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige, Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 031 3448
**RÍOMHPHOST:** kahmed@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 715 2786
**RÍOMHPHOST:** eblain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime, Sráidbhaile na Céime
**FÓN PÓCA:** 086 020 1665
**RÍOMHPHOST:** mfleming@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LETTIE McCARTHY** LO
23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim
**FÓN PÓCA:** 086 818 6718
**RÍOMHPHOST:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille, Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 781 4515
**RÍOMHPHOST:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LYNSEY McGOVERN** NSP
f/ch Archview Physiotherapy Clinic
49 Bóthar Raghnallach, Raghnallach
**FÓN PÓCA:** 086 461 1634
**RÍOMHPHOST:** lmcgovern@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DEIRDRE NÍ FHLOINN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 606 5648
**RÍOMHPHOST:** dnifhloinn@cllr.dlrcoco.ie